An Roinn Oideachais
Department of Education

Ciorclán: 0001/2023

Chuig: Boird Bhainistíochta, Príomhoidí agus Foirne Teagaisc Iar-Bhunscoileanna agus Príomhfheidhmeannaigh BOOanna

Comhairle maidir le húsáid uirlisí/trialacha don Treoir nó do riachtanais bhreise agus speisialta oideachais (RSO) in iar-bhunscoileanna

(Ciorcláin Athbhreithnithe 0067/2020 agus 0058/2019)

Réamhrá

Cuireann an Ciorclán seo comhairle ar fáil d'iar-bhunscoileanna aitheanta[1] ar úsáid chuí uirlisí/trialacha measúnaithe do Threoir agus do riachtanais bhreise agus speisialta oideachais (RSO). Baineann an Ciorclán le gach cás ina n-úsáidtear triail chaighdeánaithe, cibé inniúlacht nó gnóthachtáil. Cuireann sé soiléiriú ar fáil maidir le roghnú agus riar uirlisí measúnaithe, léirmhíniú agus soláthar aiseolais ar scóir trialacha agus coinneáil faisnéise measúnaithe.

Nuair a bhíonn an chomhairle seo á breithniú, ba cheart do scoileanna a bheith san airdeall maidir lena bhfreagrachtaí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS). Cuireann tástálacha agus uirlisí measúnaithe trialacha ar líne agus páipéar-agus-peann ar fáil. Má dhéantar tástálacha a chomhlánú ar líne agus sonraí ó na measúnuithe a stóráil agus a choinneáil ar líne, tá sé tábhachtach na sonraí a choinneáil agus a phróiseáil i gcomhréir le rialacháin RGCS an AE. Cé go bhfuil roinnt foilsitheoirí trialacha lonnaithe san RA, coinnítear stóráil a sonraí ar líne laistigh den AE go hiondúil. Má tá sonraí á bpróiseáil agus á stóráil ag foilsitheoirí tástála lasmuigh den AE, ba cheart d'údaráis scoile a chinntiú go gcuireann na comhlachtaí atá i gceist prionsabail chosanta sonraí an RGCS i bhfeidhm ar shonraí pearsanta uile an AE.

Cuspóir an Chiorcláin seo

Is é cuspóir an Chiorcláin seo ná eolas agus liosta uirlisí measúnaithe a chur ar fáil d'iar-bhunscoileanna, lena n-áirítear trialacha inniúlachta agus gnóthachtála agus acmhainní gréasán-bhunaithe atá faofa le húsáid i gcomhthéacs Treorach agus/nó RSO in iar-bhunscoileanna aitheanta. Tá an liosta deartha mar threoir do scoileanna. Cé go bhfuil sé bunaithe ar an eolas is déanaí atá ar fáil ag am foilsithe, **níl sé i gceist go mbeadh sé saintreorach ná uileghabhálach**. D'fhéadfadh uirlisí measúnaithe eile nach bhfuil liostaithe a bheith oiriúnach freisin, ach iad a bheith forbartha i gcomhréir leis an gcleachtas is fearr.

Níor cheart ach an oiread torthaí aon trialach amháin a úsáid mar shonraí bonnlíne chun gnóthachtálacha scoláire sa todhchaí a thuar, ná mar bhonn eolais do chinntí amháin maidir le soláthar idirghabhálacha nó spriocanna amháin laistigh de phleananna foghlama do scoláirí. Is gnéithe an-tábhachtach

[1] Scoil Aitheanta – ciallaíonn scoil atá aitheanta ag an Aire de réir alt 10 den Acht Oideachais, 1998.

de mheasúnú críochnúil iad eolas ó thrialacha cumais, trialacha gnóthachtála, breathnóireachtaí an mhúinteora, an Pas Oideachais, Comhad Tacaíochta an Dalta. Éascaíonn an cur chuige fianaise-bhunaithe seo láidreachtaí, réimsí spéise, luachanna, spreagadh agus riachtanais foghlama scoláirí aonair a aithint agus cuidíonn sé bonn eolais a sholáthar do na gníomhartha agus na hidirghabhálacha is fearr a thugann aghaidh ar na riachtanais sin.

Ba chóir do scoileanna a bpolasaí measúnaithe féin a fhorbairt ina mbíonn mionléiriú ar pholasaí na scoile maidir le húsáid trialacha – lena n-áirítear toiliú, riarachán, léirmhíniú, coinneáil, aiseolas agus próiseáil, de réir rialacháin RGCS. Ba cheart do scoileanna aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag Covid-19 ar fheidhmíocht scoláirí, ar a bhfolláine, agus ar a scóir trialach ó thaobh aischéimnithe agus iontaofachta a mheas. Chun folláine scoláirí a thacú agus éascú, ní mór do scoileanna a bheith aireach maidir le huainiú, riar agus léirmhíniú measúnuithe síciméadracha.

Ar mhaithe le hiarratais RACE, moltar do scoileanna fanacht ar spriocdhátaí ó CSS agus an t-am don chleachtas measúnaithe a oiriúnú dá réir.

Foilseofar liosta nuashonraithe de na trialacha ó am go ham ar láithreán gréasáin na Roinne ag https://www.gov.ie/en/circular/e86f9-advice-on-the-use-of-assessment-instrumentstests-for-guidance-or-for-additional-and-special-educational-needs-sen-in-post-primary-schools/

Cuir gach múinteoir sa scoil agus baill an bhoird bhainistíochta ar an eolas faoin gciorclán seo le do thoil.

Evelyn O' Connor,

Príomhoifigeach,

An Rannóg Beartas Churaclam agus Measúnacht

17 Eanáir 2023

1. Cuspóir Uirlisí/Trialacha Measúnaithe

Déanann an Ciorclán seo, agus liosta na dtrialacha a ghabhann leis, tagairt do thrialacha caighdeánaithe cumais agus gnóthachtála. D'fhéadfadh míthuiscint a bheith ann in amanna maidir le cibé ar chóir úsáid a bhaint as triail chumais nó triail ghnóthachtála.

Déantar trialacha cumais a dhearadh le fáil amach cén cumas atá ag scoláire eolas a shealbhú ach déanann trialacha gnóthachtála an méid atá ar eolas agus foghlamtha go dtí seo a thomhas. Tá sainmhínithe níos iomláine ar fáil thíos faoi 'Cineálacha Uirlisí Measúnaithe'.

Níor chóir do scoileanna ach uirlisí measúnaithe a oireann agus a bhfuil cuspóir soiléir agus sonrach ag baint leo a úsáid. Ba chóir, ach go háirithe, a bheith airdeallach maidir le hoiriúnacht na n-uirlisí measúnaithe a úsáidtear le scoláirí a bhfuil RSO acu, nó le scoláirí a bhfuil Béarla mar Theanga Bhreise (BTB) á fhoghlaim acu. I gcás scoláirí BTB, d'fhéadfadh a gcumas Béarla dul i bhfeidhm go diúltach ar scóir a dtrialacha seachas léiriú a thabhairt ar an gcumas atá acu i ndáiríre.

Níor cheart breathnú ar thorthaí measúnaithe mar thorthaí críochnúla ná iad a léirmhíniú ina n-aonar. Ba cheart riachtanais scoláirí agus eolas comhthéacsúil eile a chur san áireamh i gcónaí.

2. Cineálacha Uirlisí Measúnaithe

Déantar **trialacha cumais caighdeánaithe** a dhearadh le bheith neamhspleách ar an gcuraclam agus tomhaistear tréithe atá níos seasmhaí agus níos fadtréimhsí ná gnóthachtáil na foghlama.

Déanann **trialacha gnóthachtála caighdeánaithe** an méid atá ar eolas ag scoláire a thomhas agus is féidir iad seo a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar eolas agus scileanna scoláirí sa litearthacht agus san uimhearthacht, mar shampla, le fáil amach faoin dul chun cinn sna réimsí seo.

Mar thoradh ar an eolas atá bailithe ó chleachtais measúnaithe éagsúla, trialacha cumais agus gnóthachtála san áireamh, is féidir tuilleadh eolais a bhailiú trí riar trialacha diagnóiseacha le léargas níos mine de láidreachtaí agus riachtanais foghlama scoláire a chur ar fáil.

Déantar **triail dhiagnóiseach** a dhearadh chun eolas ar leith a chur ar fáil maidir le láidreachtaí agus riachtanais scoláire i ngnéithe áirithe foghlama, mar shampla, scileanna aitheanta focal nó tuiscint ar choincheapa uimhreacha.

Ina theannta sin, is féidir le treoirchomhairleoirí torthaí na dtrialacha cumais, leasa, luachanna agus spreagtha a úsáid chun cinnteoireacht scoláirí a threorú agus chun tacú leis an gcinnteoireacht ó thaobh rogha ábhair agus roghanna i gclár na sraithe sinsearaí agus chun tacú lena bhforbairt gairme, lena n-áirítear

.....

pleanáil don bhreisoideachas agus don ardoideachas, don oiliúint, do phrintíseachtaí nó don saol oibre.

3. Roghnú Uirlisí/Trialacha Measúnaithe

Ba chóir a thabhairt faoi deara nach bhfuil noirm do scoileanna na hÉireann ar fáil do gach uirlis, agus nach bhfuil athbhreithniú déanta ar chuid acu le roinnt blianta. Dá réir sin, tá roinnt de na tástálacha is sine bainte den liosta reatha. D'fhéadfadh ceanglais RGCS, úsáid litriú Meiriceánach nó fáil ar thrialacha le noirm RA nó Éireannach níos oiriúnaí, a bheith i measc na gcúiseanna eile gur baineadh iad.

Ba chóir d'úsáideoirí cúram a ghlacadh maidir le taighde cruinn a dhéanamh ar oiriúnacht, iontaofacht agus bailíocht na n-uirlisí measúnaithe go léir a roghnaítear lena n-úsáid, agus a chinntiú gur iad na leaganacha is déanaí agus is oiriúnaí atá in úsáid le hiad a riar ar chohórt scoláirí ar leith.

Ní cóir uirlisí measúnaithe chun pearsantacht a mheas a úsáid i scoileanna agus dá bhrí sin níl uirlisí dá leithéid san áireamh sa liosta thíos.

Moltar dóibh siúd a mbeidh trialacha á riar acu lámhleabhair na dtrialacha agus aon fhaisnéis tacaíochta eile a scrúdú go grinn sula roghnaítear triail. Nuair a bhíonn uirlis measúnaithe á roghnú ba chóir do scoileanna tuiscint a bheith acu ar na cáilíochtaí atá de dhíth chun an triail áirithe sin a riar, a scóráil, a léirmhíniú agus aiseolas a sholáthar ar an triail. Nuair is gá, féadfar dul i dteagmháil le foilsitheoir na trialach chun mioneolas a fháil ina leith sin.

Cuireann an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) eolas agus comhairle ar fáil maidir le úsáid agus oiriúnacht roinnt uirlisí/tástálacha measúnaithe. Féach thíos liosta de na tagairtí úsáideacha.

Beidh rannpháirtíocht idir bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna mar bhonn eolais do chinntí maidir le roghnú agus uainiú measúnuithe do scoláirí atá tagtha isteach go nua san oideachas iar-bhunscoile. Ba cheart do scoileanna an úsáid is fearr a bhaint as an Comhad Tacaíochta Daltaí agus as *Pas Oideachais* na ndaltaí mar thaca chun roinnt sonraí ábhartha a roinnt, torthaí measúnaithe san áireamh, agus daltaí ag aistriú ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil. Is féidir teacht ar eolas breise faoin *Pas Oideachais* ar láithreán gréasáin na CNCM ag www.ncca.ie

4. Rudaí atá le cur san áireamh maidir le measúnú agus Covid 19

Tá Covid 19 tar éis cur as go mór do ghnáth-reáchtáil scoileanna le tamall anuas. Tá an-éagsúlachtaí sa tionchar ar scoláirí: cé go mbeidh roinnt scoláirí tar éis déileáil go maith leis seo agus an gnáth dul chun cinn a dhéanamh lena gcuid foghlama, b'fhéidir go mbeadh deacrachtaí ag scoláirí eile nó go bhfuil siad ar gcúl, i gcomparáid lena bpiaraí. D'fhéadfadh dá réir sin go mbeadh

.....

faisnéis neamhiomlán ag scoileanna ar scoláirí ar leith. Nuair a bhíonn scóir trialacha á léirmhíniú ba chóir do scoileanna machnamh cúramach a dhéanamh ar thionchar na rannpháirtíochta acadúil agus ag feidhmíocht agus folláine ar ghnóthachtáil scoláirí.

5. Uirlisí Measúnaithe a Riar

Ba chóir eolas a sholáthar do thuismitheoirí agus do scoláirí maidir le cuspóir an mheasúnaithe agus maidir leis na daoine a mbeidh na torthaí á roinnt leo agus an chúis leis sin. Ba chóir cead tuismitheoirí (do scoláirí faoi 18 mbliana d'aois) agus cead scoláirí a fháil sula ndéantar an uirlis mheasúnaithe a riar, de réir pholasaí measúnaithe agus cosanta polasaí na scoile.

I 2020 d’fhoilsigh an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (LNTO) treoir do scoileanna mar chuid de pholasaí measúnaithe iomlán na scoile.

Is féidir le múinteoirí ábhair roinnt measúnuithe, ar nós trialacha caighdeánaithe gnóthachtála i ngrúpaí a riar, faoi mhaoirseacht duine atá cáilithe go cuí. Níor chóir go ndéanfadh ach pearsanra leis na cáilíochtaí cuí trialacha eile a riar agus a léirmhíniú ag brath ar an gcineál uirlise atá in úsáid. Ba chóir do scoileanna na saincháilíochtaí is gá do gach uirlis a úsáidtear a chinntiú roimh ré le foilsitheoir na trialach.

Ba chóir go ndéanfaí riaradh trialacha cumais i scoileanna a theorannú do phearsanra a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu agus a fuair sainoiliúint sa triail shíciméadrach ar leith, lena n-áirítear roghnú agus riaradh a leithéid d’uirlisí measúnaithe, léirmhíniú na dtorthaí measúnaithe, scóráil agus aiseolas. Go hiondúil, i gcás uirlisí síciméadracha do chumas ginearálta (agus trialacha gnóthachtála a riartar go haonair), is treoirchomhairleoirí cáilithe nó múinteoirí oideachas speisialta acu leis na cáilíochtaí cuí a dhéanfaidh an obair maidir le trialacha ar leith a riar. Ba chóir dá leithéid de phearsanra páirt a ghlacadh in oiliúint leanúnach agus i bhforbairt ghairmiúil leanúnach.

Cothaíonn an Roinn caighdeáin ghairmiúla i measúnú síciméadrach. Moltar go láidir do threoirchomhairleoirí agus do phearsanra eile atá oilte go cuí a bheith cothrom le dáta maidir le forbairtí agus le foghlaim ghairmiúil leanúnach sa réimse seo.

Cuireann an SNSO agus an LNTO treoirlínte agus samplaí ar fáil ar an gcleachtas is fearr i dtástáil shíciméadrach atá ar fáil anseo .

6. Díolúine ó Staidéar na Gaeilge

Táthar ag súil go gcuirfear deiseanna ar fáil do gach scoláire an Ghaeilge a fhoghlaim a oiread agus is féidir agus ar leibhéal atá oiriúnach dá riachtanais foghlama. Tá cúinsí eisceachtúil ann inar féidir díolúine ó staidéar ar Ghaeilge a dheonú do scoláirí atá rollaithe i mbunscoil nó in iar-bhunscoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Tá an t-údarás chun díolúine a cheadú tarmligthe chuig bainistíocht na scoile.

Tá Ciorcláin 0054/22 (bunscoileanna) agus 0055/22 (iar-bhunscoileanna) mar aon le foirmeacha iarratais, treoirlínte, seicliostaí agus ceisteanna coitianta ar fáil ar an láithreán gréasáin: https://www.gov.ie/en/service/irish-exemption/

Tá treoir maidir le tástálacha a roghnú maidir le díolúine ón nGaeilge ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne ag an nasc thuas.

Tabhair aird: Níl i scór gnóthachtála litearthachta ag/faoi bhun an 10ú peircintíl i Léitheoireacht Focal nó Léamhthuiscint nó Litriú ach gné amháin de na critéir atá le cur san áireamh agus iarratais ar dhíolúine ó staidéar na Gaeilge á bpróiseáil de réir fho-mhír 2.2.2 de na Ciorcláin (Tá tuilleadh eolais i gCeist Coitianta 12 ar an láithreán gréasáin ag an nasc thuas).

Do dhaltaí/scoláirí a bhfuil riachtanais shuntasacha litearthachta acu, ar nós iad siúd a bhfuil imní ann go leanann gnóthachtáil litearthachta, ainneoin idirghabháil, ag/faoi bhun an 10ú peircintíl, is dóichí go mbeidh an scoil ag soláthar tacaíochta tríd an Múinteoir MOS. Déanann na múinteoirí seo measúnú agus sainaithint riachtanas mar chuid dá gcur chuige fadhbréitigh agus dá bhforbairt ar Phleananna Tacaíochta do Dhaltaí mar atá leagtha amach i Samhail Seirbhíse SNSO agus sa doiciméad: Riachtanais Speisialta Oideachais - contanam tacaíochta.

Tagann deonú díolúine ón nGaeilge ón bpróiseas seo. Mar sin beidh fianaise ag an scoil cheana féin ar chomhad Tacaíochta an scoláire aonair mar thaca leis an iarratas. Níor cheart go mbeadh díolúine ó staidéar na Gaeilge mar phríomhthoisc sa phleanáil don soláthar do theagasc oideachas speisialta nó do thástáil dalta/scoláire.

7. Socruithe Réasúnta i Scrúduithe Teastais (RACE)

Tá bunphrionsabail na scéime socruithe scrúduithe a chuir an Roinn Oideachais i bhfeidhm agus a fheidhmíonn CSS ar aon dul leo siúd atá mar bhunús le socruithe i ndlínsí eile a bhfuil reachtaíocht cearta míchumais acu atá mórán mar an gcéanna le reachtaíocht na hÉireann. Díríonn gach scéim dá leithéid sin ar an ngá fáil réidh le bacainní ar scrúduithe a rochtain, agus ag an am céanna an gá measúnú ar na bunscileanna agus na hinniúlachtaí céanna a dhéantar a mheas do gach iarrthóir eile, agus na caighdeáin ghnóthachtála céanna a bhaineann le gach iarrthóir eile a chur i bhfeidhm.

Soláthraíonn an scéim socruithe d'iarrthóirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu atá éagsúil agus casta acu lena n-áirítear deacrachtaí foghlama

.....

mar aon le riachtanais bhuana nó sealadacha fisiceacha, amhairc, éisteachta, leighis, céadfacha, mothúchánacha, iompraíochta nó eile.

Déanfar sonraí na dtrialacha atá inghlactha do RACE a leagadh amach sna *Socruithe Réasúnta ag na Scrúduithe Teistiméireachta - Treoracha do Scoileanna*, a fhoilsíonn CSS gach bliain. Tógtar na trialacha seo ó liosta na n-uirlisí measúnaithe agus na n-acmhainní gréasáin atá ceadaithe le húsáid i gcomhthéacs Treorach agus/nó MOS. Tá sé foilsithe ag an Roinn Oideachais agus á rialú ag an gciorclán seo. Ba chóir do scoileanna a chinntiú gur iad na leaganacha is déanaí agus is oiriúnaí le riar ar an gcohórt scoláirí ar leith. Ar mhaithe le hiarratais RACE, moltar do scoileanna fanacht le nuashonraithe agus le spriocdhátaí ó CSS agus, nuair is gá, am na tástála a oiriúnú, más gá.

Is féidir teacht ar eolas faoi RACE ag Reasonable Accommodations at the Certificate Examinations (RACE)

8. Rialacha Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)

Nuair a bhíonn uirlisí measúnaithe ar líne/leictreonacha á úsáid, ba chóir do bhainistíocht na scoile agus na múinteoirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu aird a dhíriú ar riachtanais na reachtaíochta reatha, go háirithe mar a bhaineann le RGCS.

Nuair a bhíonn uirlisí measúnaithe ar líne/leictreonach á riaradh, caithfidh scoileanna tuiscint a bheith acu ar cheanglais **phróiseála agus choinneála sonraí** an RGCS, mar shampla, comhlíonadh a chinntiú maidir le cé a rialaíonn agus a bhfuil rochtain acu ar na sonraí, na cúiseanna lena n-úsáidfear na sonraí seo, coinneáil agus stóráil na sonraí i.e. laistigh nó lasmuigh den AE.

9. Léirmhíniú ar uirlisí measúnaithe

Agus idirghabhálacha á mbeartú chun freastal ar riachtanais an scoláire, níor cheart torthaí aon triail mheasúnaithe amháin a úsáid ina n-aonar, ach in éineacht le faisnéis eile atá ar fáil faoin scoláire. Níor cheart ach an oiread torthaí aon trialach amháin a úsáid mar shonraí bonnlíne chun gnóthachtálacha scoláire sa todhchaí a thuar, ná mar bhonn eolais do chinntí amháin maidir le soláthar idirghabhálacha nó spriocanna amháin laistigh de phleananna foghlama do scoláirí.

Mar atá luaite go sonrach i bhfoilseachán na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) *Leanúntas Tacaíochta le haghaidh Iar-Bhunscoileanna: Beart Acmhainní do Mhúinteoirí*, ‘Níor cheart toradh aon trialach ar leith a bhreithniú ina aonar agus ba cheart torthaí trialach a bhreithniú i gcónaí in éineacht le heolas eile: eolas ó thuismitheoirí, eolas ón mbunscoil, eolas ó mhúinteoirí, srl.’.

Mar aon leis sin, caithfidh scoileanna a bheith ar an eolas faoi na rioscaí a bhaineann le lipéadú luath, rud a d'fhéadfadh teorainn a chur le hionchais nó scoláirí a chur isteach i ngrúpaí ar leith' (lch.40).

Ina theannta sin, mar atá luaite go sonrach i bhfoilseachán an SNSO, ba chóir go mbeadh scoileanna agus múinteoirí ar an eolas faoi na deacrachtaí ar leith a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar leanaí a bhfuil a gcultúr baile an-difriúil ón ngrúpa ar a ndearnadh an triail a chaighdeánú. D'fhéadfadh gur toisc é sin agus ba chóir é a chur san áireamh nuair a bhíonn torthaí do leanaí an Lucht Taistil nó leanaí atá tagtha le déanaí ó chultúir lasmuigh den domhan thiar' (lch.39).

Ba cheart cinntí maidir le húsáid uirlisí measúnaithe agus sonraí measúnaithe a roinnt agus a léirmhíniú i gcónaí de réir pholasaithe na scoileanna aonair maidir le measúnú, RSO agus cosaint sonraí, agus de réir an chleachtais is fearr a bhaineann le riar agus úsáid trialacha.

10. Aiseolas cuiditheach maidir le torthaí trialacha caighdeánacha

De réir pholasaí measúnaithe na scoile, ba cheart do scoileanna a chinntiú go gcuireann pearsanra atá cáilithe go cuí, ar nós treoirchomhairleoirí nó múinteoirí eile atá cáilithe go cuí, aiseolas iomchuí, cruinn agus cuiditheach ar fáil go tráthúil do scoláirí agus do thuismitheoirí.

Ba chóir an deis a thabhairt do scoláirí a dtorthaí measúnaithe a fhiosrú i gcomhthéacs na roghanna oideachais atá ar fáil dóibh sa scoil agus mar bhonn eolais dá bhforbairt oideachais agus gairme, dá roghanna gairme agus dá gcinnteoireacht sa todhchaí. Ba chóir scoláirí agus tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi theorainneacha thorthaí na dtrialacha caighdeánaithe le linn an phlé seo agus an tábhacht a bhaineann le tosca eile lena n-áirítear réimsí spéise, spreagadh, buanna agus eispéiris scoláirí, agus eolas atá ar fáil ó fhoinsí eile, a léiriú dóibh.

11. Torthaí trialacha caighdeánacha a roinnt le baill d'fhoireann na scoile agus le páirtithe seachtracha

Ag teacht le cur chuige scoile uile agus mar chuid de pholasaí measúnaithe na scoile maidir le tástáil chaighdeánaithe agus cosaint sonraí, ba chóir torthaí na dtrialacha caighdeánaithe, mar aon le heolas gaolmhar eile, a roinnt leis na baill chuí d'fhoireann na scoile. Déantar é seo d'fhonn pleanáil go héifeachtach chun freastal ar riachtanais oideachais, shóisialta, mhothúchánacha, iompraíochta agus folláine scoláirí. D'fhéadfadh go mbeadh gá in amanna freisin eolas ábhartha a roinnt le páirtithe seachtracha, ar nós an SNSO agus CAMHS. Caithfidh scoileanna a bheith san airdeall maidir lena bhfreagrachtaí i leith Cosaint Sonraí/Roinnt Sonraí nuair a bhíonn sonraí á roinnt acu le comhlachtaí seachtracha.

Ba chóir do scoileanna na srianta a bhaineann le trialacha caighdeánaithe a thuiscint nuair a bhíonn torthaí á roinnt acu agus a thuiscint go bhfuil baol go gcuirfear lipéad ar scoláirí bunaithe ar na torthaí sin. Tá sé tábhachtach agus na torthaí seo á roinnt go gcuirtear iad i láthair go cruinn agus go híogair agus ar bhealach a bhíonn intuigthe go soiléir ag an té lena mbaineann siad. Mar shampla, féadfar úsáid peircintílí a sheachaint má chruthaíonn siad míthuiscintí le céatadáin; ba cheart cúram a ghlacadh lena chinntiú go dtuigtear an difríocht idir trialacha caighdeánaithe cumais agus gnóthachtála agus go mínítear teorainneacha na dtrialacha sin.

12. Sonraí measúnaithe a choinneáil agus a phróiseáil

Ba cheart go mbeadh scoileanna ar an eolas faoi dhualgais a bhaineann le sonraí a rochtain, a choinneáil agus a phróiseáil faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 1997, faoin Acht um Shaoráil Faisnéise (Leasú) 2013, faoi rialacháin ghaolmhara, agus faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003, agus RGCS (2018).

13. Liosta acmhainní úsáideacha

Féadfar breathnú orthu seo a leanas freisin in éineacht leis an gCiorclán seo:

An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) SNSO

Treoir Choimisiún na Scrúduithe Stáit - Cóiríocht Réasúnta ag Scrúduithe Teistiméireachta RACE

Conas iarratas a dhéanamh ar dhíolúine maidir le Gaeilge agus Ceisteanna Coitianta Díolúine ón nGaeilge

14. Liosta na nUirlisí Measúnaithe

A. Trialacha Gnóthachtála Litearthachta – Á Riar i nGrúpaí
B. Trialacha Gnóthachtála Matamaitice – Á Riar i nGrúpaí
C. Trialacha Gnóthachtálacha – Á Riar ar Dhuine Aonair
D. Trialacha Inniúlachta agus Mianaigh
E. Ábhair Spéise don Treoir
F. Acmhainní agus Aipeanna Digiteacha don Treoir
G. Liosta d'Uirlisí Measúnaithe Eile

A. TRIALACHA GNÓTHACHTÁLACHA: TRIALACHA A RIARTAR I nGRÚPAÍ

Litearthacht (léitheoireacht, litriú agus scríbhneoireacht)

Déanann na míreanna sa liosta thíos measúnacht ar réimse scileanna litearthachta lena n-áirítear fóineolaíocht, léamh focail ó bhéal, léitheoireacht sleachta chiúin, líofacht léitheoireachta, léamhthuiscint, ráta nó luas léitheoireachta, cluastuiscint, litriú agus lámhscríbhneoireacht. Déan cinneadh faoi aidhm an riartha, is é sin, cad ba mhaith leat a fháil amach, sula ndéanann tú cinneadh triail a cheannach agus a úsáid. Bí ar an eolas go bhforbraítear formhór na n-uirlisí seo agus go gcaighdeánaítear iad sa Ríocht Aontaithe (RA) nó sna Stáit Aontaithe (SAM), agus d'fhéadfadh tagairtí cultúrtha nó litrithe nach bhfaightear in Éirinn a bheith iontu. Faigh sampla den triail más féidir agus bain úsáid as comhthuairimí gairmiúla na scoile chun cinneadh a dhéanamh cé acu an soláthróidh nó nach soláthróidh an triail an fhaisnéis atá ag teastáil.

Ainm agus dáta an fhoilseacháin	Cineál	Cur síos	Raon aoise	Noirm	Suíomh gréasáin an fhoilsitheora/dáileora
Access Reading Test, 3ED, 2018	Grúpa; Leagan digiteach ar fáil	Measúnacht réimse fhairsing ar cheithre ghné den léamhthuiscint.	7 go 20+	Noirm RA	http://www.hoddereducation.co.uk/
British Spelling Test Series G/H, 2nd. Edition, 2009	Grúpa	Measúnú ar litriú ag leibhéal focail, abairte agus scríbhneoireachta leanúnaí agus i gcomhthéacsanna éagsúla	6 go 13	Noirm RA	www.gl-assessment.ie
Detailed Assessment of Speed of Handwriting, 2007	Grúpa nó duine aonair	5 fho-shraith lena n-áirítear scileanna mion luaile agus scileanna beachtais, luas atáirgthe siombailí, athrú luais agus cumas saorscríbhneoireachta.	9 go 16:11	Noirm RA	www.pearsonclinical.co.uk
Detailed Assessment of Speed of Handwriting, 2011	Grúpa nó duine aonair	5 fho-shraith lena n-áirítear scileanna mion luaile agus scileanna beachtais, luas atáirgthe siombailí, athrú luais agus cumas saorscríbhneoireachta.	17 go 25	Noirm RA	www.pearsonclinical.co.uk

Ainm agus dáta an fhoilseacháin	Cineál	Cur síos	Raon aoise	Noirm	Suíomh gréasáin an fhoilsitheora/dáileora
Diagnostic Spelling Tests 3-5 Secondary - Adult, 2006	Grúpa	Sraith trí thriail litrithe forluiteacha: Triail 3: 9 go 12 bhliain d'aois; Triail 4: 11 go 14 bliana d'aois; Triail 5: 14 go 25+ bliana d'aois	9 go 25+	Noirm RA	www.hoddereducation.co.uk/
Drumcondra Post-primary Test – English Reading Literacy, 2013, 2016	Grúpa: Leagan digiteach agus leagan páipéir ar fáil, le forluí íosta san ábhar	Measúnacht ar léitheoireacht foclóra agus léamhthuiscint. Clúdaíonn scálaí breise léitheoireacht ar an iomlán, cineálacha téacs agus próisis léitheoireachta.	Noirm bunaithe ar ghráid don téarma deiridh sa Dara Bliain.	Noirm Éireannach a don leagan páipéir (2013), agus don leagan ríomhaire (2016).	www.tests.erc.ie (paper version) www.tests.erc.ie (digital version)
Droim Conrach: Triail Dhroim Conrach don Léitheoireacht Ghaeilge (Scoileanna Lán- Ghaeilge)	Grúpa: Foirm pháipéir amháin	Triail ar fhoclóir agus ar thuiscint na léitheoireachta. Tá fo-scálaí don bhunsmaointeoireacht agus don ardsmaointeoireacht ann chomh maith.	Noirm do scoláirí iar-bhunscoile lán-Ghaeilge ag deireadh na Dara Bliana.	Bunaíodh na noirm in Éirinn i 2015	www.tests.erc.ie
ERC - NEW PPAD - E Post Primary Assessment and Diagnosis- English, Q4 2020 a riartar go haonair. Tá uirlis don scóráil agus don tuairisciú ar líne ar fáil.	Is triail páipéar-bhunaithe é seo a riartar i ngrúpaí den chuid is mó, seachas an triail léitheoireachta focal, a riartar duine le duine.	Is uirlis mheasúnaithe dhiagnóiseach agus scagtha é an PPAD-E do litearthacht an Bhéarla. Rinne an SNSO é a fhorbairt i gcomhar leis an bhforas Taighde ar Oideachas (FTO) le húsáid thar raon aoise iar-bhunscoile. Tógann sé thart ar 60-70 nóiméad an scrúdú a riar agus tá cúig fhoscrúdú ann: • Léamh focal • Litriú • Léamthuisicint • Luas léitheoireachta • Samplaí scríbhneoireachta Rinneadh na scrúduithe a fhorbairt i leaganacha comhchosúla (buí	Go dtí seo, tá an PPAD-E caighdeánaithe i measc dhaonra scoláirí Chéadbhlia na na hÉireann	Noirm na hÉireann Sa todhchaí, forbrófar noirm do ghrúpaí scoláirí iar-bhunscoile níos sine.	www.tests.erc.ie https://www.tests.erc.ie/ppad-e

.....

		agus gorm), chun deis a thabhairt do shonraí scrúdaithe /athscrúdaithe. Tá faisnéis normatach agus dhiagnóiseach araon ar fáil ó na trialacha ar féidir iad a úsáid do chuspóirí éagsúla.			
Ainm agus dáta an fhoilseacháin	**Cineál**	**Cur síos**	**Raon aoise**	**Noirm**	**Suíomh gréasáin an fhoilsitheora/dáileora**
Graded Word Spelling Test, 3rd edition, 2006	Grúpa nó Duine aonair	Measúnacht ar ghnóthachtáil agus ar a dhul chun cinn sa litriú.	5 go 18+	Noirm RA	www.hoddereducation.co.uk/
Group Reading Scales 2, 2009	Grúpa; Leagan digiteach ar fáil (Scálaí Léitheoireachta Oiriúnaithe)	Tomhais chaighdeánaithe oibiachtúla ar chumas léitheoireachta le habairtí ilrogha le críochnú, ag úsáid leideanna gramadaí agus comhréire. Fáil ar fhoirmeacha comhchosúla agus CD-ROM Scóir/Próifíle.	9 go 16+	Noirm RA	www.hoddereducation.co.uk/
Hodder Group Reading Test 3, test 3, 2007	Grúpa: Leagan digiteach ar fáil	Measúnacht ar léamhthuiscint ag leibhéal focail, abairte agus téacs. CD-ROM Scóir/Próifíle ar fáil.	9:05 go 16+	Noirm RA	www.hoddereducation.co.uk/
New Group Reading Test, 3rd edition, 2010	Grúpa: Leagan digiteach ar fáil	Triail scagthástála / monatóireachta ina bhfuil críochnú abairte agus tuiscint sleachta san áireamh do gach leibhéal.	Leibhéal 3: 10 go 13; Leibhéal 4: 14 go 17.05	Noirm RA	www.gl-assessment.ie

B. TRIALACHA GNÓTHACHTÁLACHA: TRIALACHA MATAMAITICE A RIARTAR I nGRÚPAÍ

Tabhair faoi deara go mb'fhéidir go n-úsáidtear an córas tomhais impiriúil in uirlisí measúnachta Matamaitice a foilsíodh san RA agus go n-úsáidtear steirling seachas euro agus gur chóir é sin a chur in iúl do rannpháirtithe na trialach. Ba chóir do chleachtóirí a thabhairt faoi deara freisin go mbaineann na huirlisí seo le curaclam na RA, agus go mb'fhéidir go bhfuil teorainn leis an luach diagnóiseach a bhaineann leo.

Ainm agus dáta an fhoilseacháin	Cineál	Cur síos	Raon aoise	Noirm	Suíomh gréasáin an fhoilsitheora/dáileora
Access Mathematics Tests 1 and 2, 2018	Grúpa nó duine aonair; formáid i bprionta agus idirghníomhach ar fáil	Measúnacht mhata chaighdeánaithe nuashonraithe thar réimse leathan cumais. Gan mórán léitheoireachta i gceist. Foirmeacha comhchosúla agus CD-ROM ar fáil do Scóráil/Próifílí.	Triail 1 – 7 go 12; Triail 2 – 11 go 16+	Noirm RA	www.hoddereducation.co.uk/
Drumcondra Post-primary Tests – Mathematics, 2013, 2016	Grúpa: Leagan digiteach agus leagan páipéir ar fáil, le forluí íosta ó thaobh abhair	Déantar measúnacht ar mhatamaitic de réir shiollabas Thionscadal Mata. Scálaí breise do réimsí ábhair agus próisis mhatamaitice	Noirm bunaithe ar ghráid don téarma deiridh sa Dara Bliain	Noirm Éireannacha don leagan páipéir (2013), agus don leagan ríomhaire (2016)	www.tests.erc.ie
Mathematics Assessment for Learning and Teaching: Key Stage 3 (MaLT 12, 13 and 14), 2009	Grúpa: Leagan digiteach ar fáil	Soláthraítear dé-mheasúnacht mhúnlaitheach-shuimitheach ghnóthachtála matamaitice.	Sraith Shóisearach	MaLT 12 - Noirm RA 11 go 13:05 MaLT 13 - Noirm RA 12 go 14.05	www.hoddereducation.co.uk/

.....

				MaLT 14 - Noirm RA 13 go 15.05	
Progress Test in Maths Series 2004	Grúpa: Leagan digiteach agus leagan páipéir ar fáil	Trialacha diagnóiseacha caighdeánaithe chun láidreachtaí agus riachtanais ar leith sa mhatamaitic a aithint.	Triail 12 – 12 go 12:11; Triail 13 – 13 go 13:11;	Noirm RA	www.gl-assessment.ie

C. TRIALACHA GNÓTHACHTÁLACHA: Á RIAR AR DHUINE AONAIR

LITEARTHACHT (LÉITHEOIREACHT, LITRIÚ, FEASACHT TEANGA /AGUS LÉAMHTHUISCINT)

Déanann na míreanna sa liosta thíos measúnacht ar raon scileanna litearthachta lena n-áirítear fóineolaíocht, léamh focail ó bhéal, léitheoireacht sleachta chiúin, líofacht léitheoireachta, léamhthuiscint, ráta nó luas léitheoireachta, cluastuiscint, litriú agus scríbhneoireacht. Déan cinneadh faoi chuspóir an riartha, i.e. cad ba mhaith leat a fháil amach, sula ndéanann tú cinneadh triail a cheannach agus a úsáid. Bí ar an eolas go bhforbraítear agus go gcaighdeánaítear formhór na n-uirlisí seo san RA nó i SAM agus d'fhéadfadh tagairtí cultúrtha nó litrithe nach bhfaightear in Éirinn a bheith iontu. Faigh sampla den triail más féidir, agus bain úsáid as comhthuairimí gairmiúla na scoile chun cinneadh a dhéanamh cé acu an soláthróidh nó nach soláthróidh an triail an fhaisnéis atá ag teastáil.

Ainm agus dáta an fhoilseacháin	Cineál	Cur síos	Raon aoise	Noirm	Suíomh gréasáin an fhoilsitheora/dáileora
Adult Reading Test, Dara Eagrán (ART- 2), 2016	Duine aonair	Triail léitheoireachta do dhaoine fásta	16 bliana +	Noirm RA	www.pearsonclinical.co.uk
Comprehensive Test of Phonological Reasoning	Duine aonair	Baintear úsáid as chun feasacht fhóineolaíoch, cuimhne fhóineolaíoch	4 go 24+	Noirm RA	www.pearsonclinical.co.uk

.....

(CTOPP-2), 2 Eagrán, 2013		agus ainmniú mear a mheas.			
Diagnostic Reading Analysis (DRA 3) 3ú Eagrán, 2019	Duine aonair CD-ROM Próifílithe Diagnóisigh ar fáil	Triail léitheoireachta, lena n-áirítear éisteacht le sleachta ar dtús móide cruinneas léitheoireachta, léamhthuiscint agus luas, ceaptha do léitheoirí nach bhfuil chomh cumasach sin	6.09 go 16.08	Noirm RA	www.hoddereducation.co.uk/
Expressive Vocabulary Test, 3ú Eagrán, 2018	Duine aonair	Scrúdú ar stór gabhfhocal agus ar aisghabháil focal do Bhéarla Caighdeánach le 190 mír agus 2 fhoirm.	2:6 go 90+	Noirm RA	www.pearsonclinical.co.uk
Hodder Oral Reading Tests, 2006	Duine aonair	Tomhais ar leith ar fáil de léitheoireacht focail aonair, léitheoireacht abairte agus luas léitheoireachta	5 go 16	Noirm RA	www.hoddereducation.co.uk/

Ainm agus dáta an fhoilseacháin	**Cineál**	**Cur síos**	**Raon aoise**	**Noirm**	**Suíomh gréasáin an fhoilsitheora/dáileora**
Lucid Exact, 2009	Duine aonair;	Measúnacht éifeachtach ó thaobh ama ar aithint focail	11 go 24	Noirm RA	www.gl-assessment.ie

.....

	digiteach amháin	luasghéaraithe, léamhthuiscint, luas léitheoireachta, litriú, luas scríbhneoireachta agus clóscríbhneoireacta .			
Non-word Reading Test, 2004	Duine aonair	Triail ar dhíchódú fóineolaíochta chun scileanna léitheoireachta focail agus litearthacht fheidhmiúil a mheas.	6 go 16	Noirm RA	www.hoddereducation.co.uk/
OWLS II: LC/OE and RC/WE Oral and Written Language Scales, 2nd edition, 2012	Duine aonair	Soláthraítear measúnú ar theanga ghlactha agus léiritheach gan freagairtí léitheoireachta nó scríofa de dhíth.	LC/OE- 3 go 21:11; RC/WE- 5 go 21:11	Noirm RA	www.wpspublish.com
Phonological Assessment Battery: Second Edition Primary (PhAB2 Primary) 2014	Duine aonair	Sraith de shé thriail chaighdeánach a thomhaiseann scileanna próiseála fóineolaíochta. Measúnacht do scoláirí a bhfuil scóir ísle acu in aon triail scagthástála fónaice nó litearthachta. Oireann do scoláirí EAL	5 - 11	Noirm RA	www.gl-assessment.ie
SPaRCS Test	Duine aonair nó Grúpa	Grúpa trialacha atá ceaptha le litriú, luas próiseála agus	13 -18	Noirm na hÉireann agus RA	https://educationelephant.ie

.....

		luas léamhthuisceana a mheas			
Ainm agus dáta ar fhoilseacháin	**Cineál**	**Cur síos**	**Raon aoise**	**Noirm**	**Suíomh gréasáin an fhoilsitheora/dáileora**
Wechsler Individual Achievement Test WIAT-III 3rd UK Edition for teachers, 2018.	Duine aonair (Grúpa – litriú amháin)	Measúnacht chaighdeánaithe i gcruinneas focail aonair, léamhthuiscint, luas léitheoireachta agus litriú focail aonair gan am i gceist. Sraith de chúig fhothriail chun tástáil a dhéanamh ar príomhghnéithe na litearthachta.	4 go 25.11	Noirm RA	www.pearsonclinical.co.uk
Wide Range Achievement Test – 5th edition, (WRAT-5) 2018	Duine aonair nó Grúpa	Déanann WRAT-5 bhunscil léitheoireachta focal, litrithe agus matamaitice agus tuiscint abairte a thomhais agus a mhonatóireacht. Cuimsítear ann noirm nuashonraithe agus foscrúduithe athbhreithnithe. **Litriú Meiriceánach in úsáid.**	5 go 94	Noirm SAM	ht. www.pearsonclinical.co.uk
Woodcock Reading Mastery Test 3rd Edition, 2011	Duine aonair	Déantar láidreachtaí agus laigí a aithint chun feabhsúchán spriocdhírithe a phleanáil; naoi bhfothriail: feasacht fhóineolaíoch, litir agus focal aithint, ainmniú mear, líofacht	4:06 go 79:11	Noirm SAM	www.pearsonclinical.co.uk

.....

		labhartha, ionsaí focail, agus éisteacht, tuiscint focail agus sleachta. **Litriú Meiriceánach in úsáid.**			
Woodcock Johnson – IV Tests of Achievement Form C / Brief Battery, 2014	Duine aonair	Sraith d'aon fhoscrúdú déag: litreacha-focail a aithint, líofacht léitheoireachta, tuiscint ar dhréachtaí, ionsaí focal, litriú léitheoireachta ó bhéal, líofacht scríofa, samplaí scríofa, ríomh, fadhbanna feidhmeacha agus líofacht fíricí matamaitice. Tá leagan Oiriúnaithe den triail seo ar fáil don RA/Éire.	4 - 90+ .	Noirm SAM	www.riverpub.com https://educationelephant.ie/product/woodcock-johnsoniv-tests-of-achievement-ukire/
York Assessment of Reading Comprehension, Passage Reading, Secondary, 2010	Duine aonair	Úsáidtear sleachta ficsin agus neamhfhicsin chun scileanna léamhthuisceana atá ag forbairt a thomhas (Suíomh gréasáin tacaíochta - www.yarcsupport.co.uk)	11 go 16	Noirm RA	www.gl-assessment.ie

D. TRIALACHA INNIÚLACHTA AGUS MIANAIGH

Bíonn gá le cáilíochtaí ar leith nuair a bhíonn na huirlisí measúnaithe seo á gceannach agus á riar.

Ainm agus dáta an fhoilseacháin	Cineál	Cur síos	Raon aoise	Noirm	Suíomh gréasáin an fhoilsitheora/dáileora
My Aptitude (Cambridge Profile Aptitude Tests mar a bhí cheana, 2012)	Grúpa	Ocht bhfothriail: Réasúnú briathartha, Réasúnú Uimhriúil, Réasúnú Teibí, Réasúnú Spásúil 2T, Réasúnú Spásúil 3T, Áireamh Uimhríochta, Oibriú go Mear agus go Cruinn agus Litriú. Is féidir é a úsáid i dteannta le Eirquest	Iar-bhunscoile	Noirm na hÉireann	www.myfuturechoice.com/
Career Fit Series (CFS), 2012	Grúpa, ar líne	Comhuirlis Spéis Ghairme agus Inniúlachta a ghineann 16 ghairm oiriúnacha don scoláire agus don duine fásta a bhfuil claonadh praiticiúil iontu	16 go 60+	Triail de réir critéir	www.etcconsult.com
Cognitive Abilities Test – 4ú heagrán., 2012 (CAT4)	Grúpa; Leagan digiteach ar fáil	Déantar ceithr réimse réasúnaíochta a mheas – briathartha, neamhbhriatha tha, cainníochtúil agus spásúil –	7 go 17+	Noirm na hÉireann agus an RA	www.gl-assessment.ie Noirm na hÉireann ar fáil ó www.edev.ie

.....

		chun próifíl chuimsitheach de na croíchumais a bhaineann le foghlaim a chu ar fáil.			
Differential Aptitude Tests, DAT for Guidance.	Grúpa	Ocht bhfothriail: réasúnú briathartha, réasúnú uimhriúil, réasúnú teibí, luas + cruinneas aireachtála, réasúnú meicniúil, coibhneasa spáis, litriú agus úsáid teanga (tá bogearraí tacaíochta ar fáil). Is féidir é a úsáid leis an bhFardal Spéis Ghairme (CII)	16+	Noirm na hÉireann	www.etcconsult.com

Drumcondra Reasoning Test, 2016	Grúpa: Leagan digiteach agus leagan páipéir ar fáil	Déantar measúnú ar an dá phríomhréimse den réasúnú briathartha agus den chumas uimhriúil.	Noirm gráid-bhunaithe do Rang a Sé (Earrach) agus An Chéad Bhliain (Fómhar)	Noirm na hÉireann (2016)	www.tests.erc.ie

.....

Lucid Ability 3rd. Edition, 2012	Duine aonair	Measúnacht atá éifeachtach ó thaobh ama de, ar réasúnú briathartha agus neamh-bhriathartha agus ar chumas coincheapúil ginearálta do léitheoirí agus do dhaoine nach léitheoirí iad.	4 go 16	Noirm RA	www.gl-assessment.ie
Raven's Standard Progressive Matrices and Vocabulary Scales, 2008	Grúpa agus Duine aonair	Measúnacht saor ó theanga agus cothrom cóir ó thaobh cultúir de is ea an RPM. Baintear úsáid as seasca mír réasúnaithe amhairc-spásúla. Áisiúil i gcás scoláirí a bhfuil laige éisteachta acu nó do scoláirí a fhoghlaimíonn Béarla mar theanga bhreise. Tomhaiseann Scálaí Foclóra Mill Hill cumas briathartha agus is féidir iad a riar mar bhéaltriail agus freagra briathartha a thabhairt.	7 go 18	Noirm RA	www.pearsonclinical.co.uk

.....

Raven's 2 Standard Progressive Matrices, 2019	Duine aonair agus Grúpa	Déantar measúnú áisiúil ar scileanna breathnóireacht a agus ar chumas i suíomhanna éagsúla. Oiriúnach do leanaí agus do dhaoine fásta nach labhraíonn.	4 - 69 bliana	Noirm RA	www.pearsonclinical.co.uk

E. TREOIR – ÁBHAIR SPÉISE

Ainm agus dáta an fhoilseacháin	Cineál	Cur síos	Raon aoise	Noirm	Suíomh gréasáin an fhoilsitheora/dáileora
Kudos AD	Duine aonair; Digitea ch amháin	Moltar poist do dhaoine fásta bunaithe ar rogha pearsanta. Soláthraítear faisnéis do dhaoine fásta ar cheisteanna faoi oideachas agus oiliúint.	Daoine fásta	RA	www.cascaid.co.uk
MyUniChoices	Grúpa; Digitea ch amháin	Uirlis Chomhcheanga ilte um Leas Ceirde agus Inniúlacht a ghineann 16 ghairm bheatha is fearr don scoláire agus duine fásta ar daoine praiticiúla iad.	16 go 60+	Triail de réir critéir	https://www.myunichoices.com/

.....

MyFuture Choices Ltd	Grúpa; Digiteach	Léirítear trí leasanna pearsanta, cáilíochtaí agus cumais leathana. Is féidir é a úsáid i gcomhar le bunachar Ailt Centigrade.	IB / Sraith Sinsearach / Daoine fásta	RA	https://www.myfuturechoice.com/
Careers Interest Inventory (CII)	Grúpa	Tugtar eolas ann ar spriocanna oideachasúla na scoláirí, spéis in ábhair scoile agus i ngníomhaíochtaí scoile agus i réimsí oibre. Is féidir é a úsáid in éineacht le DAT mar threoir.	7 go daoine fásta	RA	www.etcconsult.com/catalogue/career- interest-inventory-cii-manual/
EirQuest, 2013	Grúpa; Digiteach	Ceaptha do scoláirí atá ag déanamh na hArdteistiméireachta. Próifíl bunaithe ar dhaichead réimse gairme fhairsinge. Is féidir é a úsáid i gcomhar le MyAptitude atá noirm thagartha d'Éirinn.	14 go 17	Éire	https://www.myfuturechoice.com/
Career Interest Inventory, 2013	Grúpa; Duine aonair; Leagan digiteach ar fáil	Cuireann torthaí an fhardail léargas ar fáil maidir leis an ngaol idir spéiseanna,	13+	RA	https://teamfocus.co.uk

.....

		cumais agus stíleanna oibre.			
Standard SDS (Self-Directed Search)	Grúpa, Duine aonair	Fardal féin-riartha spéise gairme a chuidíonn le cinntí eolacha gairme a dhéanamh bunaithe ar theoiric John Holland chun daoine aonair a rangú de réir sé chineál bunúsach. **Úsáidtear litriú Meiriceánach.**	11 go 70	SAM	https://www.parinc.com/
Self-Directed Search (Form E), 4ú hEagrán	Grúpa, Duine aonair	Uirlis chomhairlithe gairme a dhéanann an scoláire féin a riar, lena ndéanann sé/sí féin an scóráil, agus an léirmhíniú, mar aon le fardal spéiseanna a chabhraíonn leis/léi cinntí gairme eolacha a dhéanamh ar bhonn teoirice Holland. I bhFoirm E tá cló mór, treoracha simplithe agus córas scórála simplithe. Níl gá ach le cumas beag léitheoireachta. (RA 9 -10).	15 go 72	SAM	https://www.parinc.com/

.....

		Úsáidtear litriú Meiriceánach			
Strong Interest Inventory. Occupational scales nuashonraithe 2012.	Grúpa	Ceistneoir scórála ríomhchuidithe ilrogha ar 6 cinn de théamaí agus spéiseanna gairme agus scálaí gairme ginearálta, bunaithe ar theoiric Holland.	Iar-bhunscoil	RA	www.themyersbriggs.com/products

F. ACMHAINNÍ AGUS AIPEANNA DIGITEACHA DON TREOIR

Ainm agus dáta an fhoilseacháin	**Cineál**	**Cur síos**	**Raon aoise**	**Noirm**	**Suíomh gréasáin an fhoilsitheora/ dáileora**
Careers Portal	Duine aonair; suíomh gréasáin	Sa suíomh gréasáin seo tá Bosca Uirlisí um Iniúchadh ar Ghairmeacha agus Próifíliú Spéise ar fáil.	Ógánaigh / Daoine Fásta	Sonraí na hÉireann	www.careersportal.ie
PASS – Pupil Attitude to Self and School	Digiteach	Suirbhé féinmheastóireachta gearr é seo a d'fhéadfaí a úsáid freisin le léargas a fháil ar dhearcthaí a d'fhéadfadh a bheith ag cur as don ghnóthachtáil. Cuidíonn sé le	4 – 18+ bliana	RA	www.gl-education.com

.....

		baic a d'fhéadfadh a bheith ann ó thaobh na foghlama de a aimsiú, lena n-áirítear fadhbanna muiníne, acmhainne, spreagadh, díriú aigne, míshástacht agus coimhthiú.			
Qualifax Interest Assessment	Aonair, suíomh gréasáin	Measúnacht spéiseanna ar Qualifax, bunachar sonraí náisiúnta na gcúrsaí i ndiaidh na hiar-bhunscoile.	Ógánaigh / Daoine Fásta	Sonraí na hÉireann	www.qualifax.ie
EXIT Entry	Aonair/ aip digiteach	Díríonn uirlis Mheasúnaithe na Foirme Gearr Iontrála Scoir ar dhá ghné d'iompraíocht dhaonna, is iad sin, Scileanna agus Réimsí Spéise.	Scoláirí	Éire	https://www.exitentry.com/
Pathway	Aonair/ digiteach	Uirlis pleanála gairme ar líne is ea Pathway a chuidíonn le próiseas cinnteoireachta scoláirí dara leibhéal agus iad ag féachaint ar oideachas tríú	Scoláirí	Éire Bunaithe ar thaighde i scoileanna na hÉireann idir 2017-2021	https://mypathwayjourney.com/

.....

		leibhéal agus ar ghairmeacha beatha féideartha don todhchaí.			

G. UIRLISÍ MEASÚNAITHE EILE

Ainm agus dáta an fhoilseacháin	Cineál	Cur síos	Raon aoise	Noirm	Suíomh gréasáin an fhoilsitheora/ dáileora
Profiling for Success: Learning Styles Indicator,	Duine aonair, Digiteach	Is féidir le scoláirí na torthaí a úsáid chun a stíl foghlama féin a thuiscint agus is féidir le múinteoirí iad a úsáid chun straitéisí spriocdhírithe a úsáid	14 go daoine fásta	RA	www.profilingforsuccess. com www.profilingforsuccess. com/pfs-assessments.php
Special Needs Assessment Profile SNAP –B (Behaviour) 2018	Duine aonair; Digiteach amháin	Aithníonn an uirlis phróifílithe deacrachtaí sóisialta, mothúchánacha agus iompair agus cuirtear straitéisí praiticiúla ar fáil. Níl gá le noirm.	5 go 16	Níl gá le noirm	www.hoddereducation.co.u k

.....